Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11145/23**

**ECOFIN 670**
**UEM 204**
**SOC 496**
**EMPL 347**
**COMPET 691**
**ENV 770**
**EDUC 283**
**RECH 315**
**ENER 406**
**JAI 916**
**GENDER 147**
**ANTIDISCRIM 141**
**JEUN 185**
**SAN 422**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9840/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 615 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Liotuáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Liotuáine 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 615 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Liotuáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Liotuáine 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé go bhfuil an Liotuáin ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Liotuáine 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun na haistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

[4] Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é aidhm Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 14 Bealtaine 2021, chuir an Liotuáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 20 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Liotuáin[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta ag an Liotuáin go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

---

6 ST 10477/2021 INIT; ST 10477/2021 ADD 1.

(10) An 27 Aibreán 2023, thíolaic an Liotuáin a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus, an 28 Aibreán 2023, a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Liotuáine maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Liotuáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Liotuáine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Liotuáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an Liotuáin agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa Liotuáin. Go háirithe, tá méadú tagtha le déanaí ar leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas praghsanna, iarmhéideanna seachtracha agus forbairtí i bpraghsanna tithe, ach ar an iomlán is cosúil go bhfuil siad faoi smacht faoi láthair. Bhí tionchar mór ag suaitheadh praghsanna fuinnimh ar an ngeilleagar agus tháinig méadú tapa ar an mboilsciú; meastar, áfach, go dtiocfaidh téarnamh mall ar iomaíochas na Liotuáine de réir mar a bheidh praghsanna fuinnimh ag titim. Tháinig meath suntasach ar an gcuntas reatha in 2022 mar gheall ar an méadú ar phraghsanna allmhairiúcháin fuinnimh ach táthar ag tuar go mbogfaidh sé gar don chomhardú i mbliana. Amach anseo, ní chuirfidh easnaimh bheaga sa chuntas reatha isteach ar inbhuanaitheacht sheachtrach mar gheall ar a suíomh fónta stoic. Mar sin féin, tá baol ann go gcuirfidh boilsciú agus brúnna pá isteach ar iomaíochas na Liotuáine, dá leanfadh siad ar aghaidh, go háirithe ós rud é go bhfuil an boilsciú foluiteach i bhfad os cionn mheán an limistéir euro. Tá fás mór tagtha ar phraghsanna tithe ó bhí an phaindéim ann, ach níl aon fhianaise ann go bhfuil ró-luacháil ann agus tá praghsanna measartha anois i bhfianaise na n-arduithe ar rátaí úis agus an chúlaithe eacnamaíoch atá ar siúl. Ina theannta sin, tá an fiachas teaghlaigh íseal, agus tá an earnáil baincéireachta caipitlithe go maith agus an-bhrabúsach agus níl ach méid beag iasachtaí neamhthuillmheacha aici. Tá na beartais fabhrach ar an iomlán, cé go bhféadfadh roinnt beartas cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis na leochaileachtaí sainaitheanta. Maidir leis sin, bheadh sé tábhachtach leanúint ar aghaidh le beartais fhioscacha agus mhacrastuamachta frith-thimthriallacha agus iad a threisiú nuair is gá. An tráth céanna, béim níos mó ar iomaíocht a chothú sa mhargadh intíre agus ar bheartais chun cáilíocht agus cainníocht sholáthar an lucht saothair a mhéadú, d'fhéadfadh sé sin cabhrú le brúnna costais saothair agus praghsanna aonaid a bhainistiú.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Liotuáine ó 1,2 % de OTI in 2021 go 0,6 % in 2022, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 43,7 % de OTI ag deireadh 2021 go 38,4 % ag deireadh 2022.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin maidir le laghdú ioncaim cúiteamh CBL le haghaidh téamh ceantair do theaghlaigh, agus áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin maidir le méadú caiteachais uasteorainneacha ar phraghsanna le haghaidh taraifí leictreachais do thomhaltóirí teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh agus le haghaidh taraifí gáis nádúrtha do thomhaltóirí teaghlaigh, agus fóirdheontais do chuideachtaí a oibríonn in earnálacha a bhfuil praghsanna arda fuinnimh iontu. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 1,3 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thairiscint do dhaoine easáitithe as an Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0,3 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0,4 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 0,6 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Liotuáin[7] staid fhioscach thacúil in 2022, lena n-áirítear an spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don Liotuáin an fás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta a choinneáil faoi rialú.

[7] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Liotuáine 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 68).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[8] crapthach in 2022, ag 0,9 % de OTI, staid a bhí iomchuí i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Liotuáin de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí arna maoiniú tríd an tSaoráid. 1,1 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (1,3 % de OTI a bhí ann in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú neodrach leis an staid fhioscach ar fáil[9]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an Liotuáin infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, sholáthar an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú crapthach dar méid 0.9 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, choinnigh an Liotuáin smacht leordhóthanach ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus na mblianta ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 0,5 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 3,0 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an fíorfhás OTI céanna de 0,5 % ann in 2023 agus fíorfhás OTI níos ísle de 2,7 % ann in 2024, go príomha mar gheall ar fhás tomhaltais agus infheistíochta a bheidh measartha níos moille in 2024.

---

8 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i mBosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

9 Sholáthair caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0,2 pointe céatadáin de OTI.

(18) Ina Chlár Cobhsaíochta 2023, tá an rialtas ag súil go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ginearálta go 2,2 % de OTI in 2023. Léiríonn an méadú in 2023 den chuid is mó bearta méadaithe caiteachais arb é is aidhm dóibh tacú le teaghlaigh ar ioncam níos ísle (amhail méaduithe ar shochair shóisialta agus ar phinsin), chomh maith le hioncam measta níos ísle ó ranníocaíochtaí cánach agus slándála sóisialta (mar sciar de OTI). De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 38,4 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 37,8 % a bheidh ann ag deireadh 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 1,7 % de OTI a bheidh san easnamh rialtais in 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar réamh-mheastachán níos airde maidir le hioncam ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus réamh-mheastacháin beagán níos ísle maidir le caiteachas an rialtais ar thomhaltas idirmheánach agus ar infheistíocht. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais–OTI níos lú de 37,1 % ann ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht ná easnamh réamh-mheasta rialtais níos ísle.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is é atá iontu bearta a bhí ann in 2022 agus ar cuireadh síneadh leo, go háirithe uasteorainneacha praghsanna le haghaidh taraifí leictreachais agus gáis nádúrtha do thomhaltóirí teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh. Tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 0.7 % de OTI in 2023[10]. Níl bearta 2023 dírithe, de réir dealraimh, ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, níl aon bheart tacaíochta spriocdhírithe le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh Mholadh an 12 Iúil 2022 ón gComhairle[11]. Meastar go bhfanfaidh costas buiséadach na cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe ón Úcráin cobhsaí in 2023, ag 0,3 % de OTI.

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Liotuáin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[12], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. An tráth céanna, ba cheart don Liotuáin a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Liotuáin freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

---

**10** Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

**11** Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Liotuáine um Athchóiriú 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Liotuáine 2022, IO C 334, 1.9.2022, lch. 120.

**12** Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 14,0 %, i dtéarmaí ainmniúla, atá i gceist le fás aschuir féideartha meántéarmach na Liotuáine (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(21) In 2023, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach forleathnaitheach (-0,8 % de OTI), tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach chrapthach a bheith ann in 2022 (+0,9 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú craptha dar luach 0,4 % de OTI leis an staid fhioscach. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 2,0 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú fhorleathnaitheach de 0,1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[13]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Liotuáin infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aige infheistíocht phoiblí a mhaoiniú don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus don tslándáil fuinnimh, amhail infheistíocht i bhforbairt foinsí fuinnimh inathnuaite áitiúla, agus suiteáil an bhonneagair stórála leictreachais, rud a éascóidh iarrachtaí na Liotuáine dícheangal ón eangach leictreachais, a fheidhmíonn ar mhodh sioncronach le córais na Rúise agus na Bealarúise. Déantar na tionscadail infheistíochta sin a chistiú i bpáirt leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

[13] Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, tuartar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach 0,2 pointe céatadáin de OTI.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais go 1,7 % de OTI in 2024. Léiríonn an laghdú in 2024 céimniú amach na mbeart a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 37,7 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1,4 % de OTI in 2024. Tá sé sin níos ísle ná an cóimheas easnaimh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar chaiteachas rialtais níos ísle ar thomhaltas idirmheánach agus OTI ainmniúil níos láidre. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais–OTI níos lú de 36,6 % ann ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile le formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2024. Glacann an Coimisiún leis freisin go gcuirfear deireadh de réir a chéile le beagnach gach beart tacaíochta fuinnimh (glanchostas 0,1 % de OTI in 2024). Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) I gClár Cobhsaíochta 2023, tá sé beartaithe ag an Liotuáin an cuspóir buiséadach meántéarmach – comhardú struchtúrach buiséid de -1,0 % de OTI[14] – a bhaint amach in 2023 agus é a choimeád ar bun sa chuid eile de thréimhse an chláir. Bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gurb ionann an comhardú struchtúrach agus -0,6 % de OTI in 2023 agus -0,3 % de OTI in 2024, leibhéil atá os cionn an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh. Beidh beartas fioscach stuama in 2024 ina chuidiú freisin chun boilsciú foluiteach a laghdú, rud atá go mór os cionn mheán an limistéir euro, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanais iomaíochais dá mhairfeadh sé.

---

14 An comhardú struchtúrach (iarmhéid atá coigeartaithe go timthriallach agus atá glan ó bhearta aonuaire agus sealadacha) arna athríomh ag an gCoimisiún agus úsáid á baint as an modheolaíocht a comhaontaíodh go comhpháirteach, léirítear leis sin easnamh struchtúrach de 0,6 % de OTI in 2023 agus 0,2 % in 2024.

(25) Ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 2,7 % ar an nglanchaiteachas príomha a mhaoinítear go náisiúnta in 2024.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh infheistíocht phoiblí ó 4,0 % de OTI in 2023 go 3,9 % de OTI in 2024. Léiríonn an infheistíocht níos lú an infheistíocht níos lú a mhaoinítear go náisiúnta agus an infheistíocht níos lú atá á maoiniú ag an Aontas.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 1,4 % de OTI in 2025, agus go 0,9 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an t-easnamh ginearálta rialtais faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 37,7 % ag deireadh 2024 go 38,6 % faoi dheireadh 2026.

(28) Ioncam cáin na Liotuáine mar sciar de OTI, tá sé go mór faoi mheán an Aontais, rud a chuireann teorainn leis an maoiniú atá ar fáil le haghaidh caiteachas poiblí ar chúram sláinte, ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí poiblí ginearálta. Tá an bhearna CBL (an difríocht idir an t-ioncam measta ó CBL agus an méid a bailíodh) fós ar cheann de na cinn is airde san Aontas, cé go léiríonn réamh-mheastacháin go bhféadfadh laghdú suntasach a bheith tagtha uirthi in 2021. In 2021, ba é 0,3 % an t-ioncam ó chánacha maoine, atá i measc na gcánacha is lú a dhéanann dochar don fhás, leibhéal atá thart ar seacht n-oiread níos ísle ná meán an Aontais. Bhailigh an Liotuáin leath de mheán an Aontais ó chánacha ioncaim chorparáidigh (mar sciar de OTI), bhí cuid de na cánacha iompair is ísle san Aontas Eorpach aici agus tá sí ar cheann den bheagán Ballstát nach bhfuil cáin bhliantúil ar charranna acu. Tháinig méadú ar an gcaiteachas poiblí ar chosaint shóisialta in 2015-2021, ach tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Leibhéil réasúnta íseal agus cumhdach teoranta sochar sóisialta atá ann, agus tá pinsin seanaoise ar na pinsin is ísle san Aontas i gcoibhneas le hioncam fostaíochta. Tá an caiteachas ar sheirbhísí poiblí ginearálta an-íseal, agus faigheann sé beagnach leath den chiste (mar chéatadán de OTI) a fhaightear san Aontas ar an meán. Mar thoradh ar acmhainní airgeadais neamhleora le haghaidh cúram sláinte, bíonn tréimhsí feithimh fada agus ardleibhéil riachtanas nach bhfuiltear ag freastal orthu maidir le cúram leighis, costais arda as póca d'othair agus neamhábaltacht tuarastail iomaíocha a thairiscint do ghairmithe cúraim sláinte.
In 2021-2023, thug an Liotuáin isteach roinnt mórbhearta caiteachais buana (amhail méaduithe ar phá na hearnála poiblí, ar phinsin, agus ar shochair shóisialta eile), nach bhfuil ag teacht go leordhóthanach le bearta maoinithe comhfhreagracha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina riosca d'inbhuanaitheacht fhioscach na Liotuáine san fhadtéarma.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine faoi lán seoil. An 30 Samhain 2022, thíolaic an Liotuáin an chéad iarraidh ar íocaíocht, agus ghlac an Coimisiún measúnú dearfach le haghaidh 31 as 33 gharsprioc lena gcumhdaítear sé cinn de sheacht gcomhpháirt an phlean, agus measadh nár comhlíonadh go sásúil dhá gharsprioc a bhaineann le hathchóirithe cánach. Dá bhrí sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún an nós imeachta um ‘íocaíochtaí a chur ar fionraí’ lena dtugtar am breise don Liotuáin na garspriocanna sin a chomhlíonadh, agus íocaíocht pháirteach EUR 542,3 milliún (glan ar réamh-mhaoiniú) á fáil aige, ar íocaíocht í atá nasctha leis na garspriocanna a comhlíonadh go sásúil. Mar thoradh ar imthosca oibiachtúla a bhaineann le méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus ábhar tógála, mar aon le srianta an tslabhra soláthair atá ann de dheasca fogha na Rúise faoin Úcráin, tá sé ar intinn ag an Liotuáin modhnuithe ar an bplean a thíolacadh, chomh maith le caibidil REPowerEU chun dlús a chur le dícharbónú an gheilleagair agus chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, an 30 Márta 2023, chuir an Liotuáin in iúl go raibh sé ar intinn aici suas le EUR 1 800 000 000 de thacaíocht iasachta bhreise a iarraidh faoin tSaoráid. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Liotuáine i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Liotuáine maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Liotuáin.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise roimh an Liotuáin a bhaineann leis an gcóras sláinte, seirbhísí sóisialta agus tithíocht shóisialta, le fuinneamh agus leis an aistriú glas.

(32) De réir torthaí sláinte tá ceann de na hionchais saoil is ísle san Aontas ag an Liotuáin. I gcomparáid leis an meán san Aontas, tá leibhéil básmhaireachta inchoiscthe agus inchóireáilte sa Liotuáin fós ard. Tá ardleibhéal iontrála ospidéil inseachanta ag an Liotuáin agus an ráta básmhaireachta is airde de bharr féinmharaithe san Aontas. Tugann sé sin i dtábhacht an gá atá le feabhas a chur ar éifeachtacht an chúraim sláinte agus ar an ngá atá le bearta níos coiscthí i gcur chuige na Liotuáine maidir le cúram sláinte. Tá na dúshláin in earnáil an chúraim sláinte níos measa mar gheall ar ghanntanais lucht saothair, mímheaitseáil scileanna agus dáileadh míchothrom gairmithe sláinte, rud a chuireann teorainn le rochtain ar chúram sláinte príomhúil agus le soláthar an chúraim sláinte sin. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine bearta suntasacha amhail athchóiriú lena ndéanfar líonra na n-ospidéal agus na seirbhísí leighis éigeandála a athrú ó bhonn, chomh maith le hinfheistíocht i saoráidí cúraim sláinte a nuachóiriú agus bonneagar a thógáil do lárionaid braisle galar tógálach. Nuair a chuirfear chun feidhme iad, meastar go gcuideoidh na bearta sin le dul i ngleic le cuid de na príomhdhúshláin. Mar sin féin, sa bhreis ar na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá gá le hiarrachtaí breise chun cúram príomhúil a neartú a thuilleadh agus cúram coisctheach a leathnú, lena n-áirítear chun an córas cúraim sláinte a dhéanamh níos athléimní.

(33) Cuirtear bac ar phleanáil agus ar sholáthar seirbhísí sóisialta mar nár thug na bardais ról leordhóthanach d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ní leor fós an comhtháthú idir cúnamh sóisialta agus bearta oiliúna a bhfuil beartas gníomhach mhargadh an tsaothair ag baint leo, go háirithe maidir le daoine dífhostaithe. Rinne an Liotuáin roinnt dul chun cinn trí threoirthionscadail a chur i gcrích i mbardais áirithe maidir le soláthar seirbhísí comhtháite do dhaoine dífhostaithe, agus eisíodh moladh do na bardais uile modheolaíocht na dtionscadal sin a chur i bhfeidhm ar a gcláir chun fostaíocht a chur chun cinn ó 2023 ar aghaidh. Cé gur céim sa treo ceart é sin, tá a thionchar le feiceáil go fóill, agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí. Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta móra amhail athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta agus ar an gcóras sochair chánach mar aon le cumhdach an árachais shóisialta dífhostaíochta a mhéadú. Meastar go gcuideoidh na bearta sin le dul i ngleic le cuid de na príomhdhúshláin cosanta sóisialta a luaithe a chuirfear chun feidhme iad. Mar sin féin, sa bhreis ar na bearta a áirítear sa phlean, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun pleanáil agus soláthar seirbhísí sóisialta a fheabhsú.

(34) Tá rochtain theoranta ar thithíocht shóisialta sa Liotuáin. Bhí thart ar 9 700 teaghlach (beagnach 19 000 duine) ag fanacht le tithíocht shóisialta ag deireadh 2022, agus ba é an meán-am feithimh 5,85 bliain. Tá cáilíocht fhoriomlán na tithíochta sóisialta fós íseal. Cé go bhfuil roinnt bearta athchóirithe déanta ag an Liotuáin maidir le tithíocht shóisialta, lena n-áirítear an ceart a thabhairt isteach tús áite a thabhairt do theaghlaigh aontuismitheora, teorainneacha ioncaim agus sócmhainní a mhéadú agus incháilitheacht á measúnú agus forálacha speisialta á gcur isteach i gcás éigeandála náisiúnta nó coraintín, tá straitéis fhoriomlán maidir le conas dul i ngleic leis na ganntanais ainsealacha sin agus cáilíocht na tithíochta sóisialta a mhéadú fós de dhíth.

(35) Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, d'éirigh leis an Liotuáin allmhairí gáis, ola, leictreachais agus guail ón Rúis a thréigean, trí allmhairí fuinnimh a atreorú tríd an gcríochfort gáis nádúrtha leachtaithe (LNG) in Klaipėda, tríd an gcríochfort ola in Būtingė, tríd an idirnasc nua gáis leis an bPolainn, tríd an idirnasc feabhsaithe leis an Laitvia, agus trí na hidirnaisc leictreachais atá ann cheana leis an bPolainn, leis an Laitvia agus leis an tSualainn. Tháinig laghdú 41 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na Liotuáine sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, laghdú a bhí níos mó ná an sprioc laghdaithe 15 % arna leagan síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[15]. agus a tharla den chuid ba mhó mar gheall ar an laghdú ar an éileamh gáis i measc thionscal na gceimiceán de dheasca praghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go mór. D'fhéadfadh an Liotuáin leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[16]. Mar sin féin, tá an Liotuáin fós ag brath go mór ar allmhairí dá soláthar fuinnimh. Allmhairíonn sé thart ar dhá thrian dá hollriachtanais leictreachais agus a cuid ola agus gáis ar fad, beagnach. Thairis sin, is ionann ola agus gás agus trí cheathrú de mheascán fuinnimh na tíre.

---

15 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

16 Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(36) Is é is cúis leis an éileamh ard ar fhuinneamh seanfhlít mhór iompair, agus gan an úsáid iomlán á baint as an iompar poiblí ná as an iarnród, agus stoc mór d'fhoirgnimh atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus tionscail dianfhuinnimh. D'úsáid an tionscal 58 % de thomhaltas iomlán gáis na Liotuáine roimh an ngéarchéim fuinnimh. Dá ndéanfaí iarrachtaí breise chun déine fuinnimh a laghdú sna hearnálacha sin, trí chlaochlú tionsclaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear próisis nuálacha táirgthe, agus trí úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn a thuilleadh, laghdófaí spleáchas na Liotuáine ar allmhairí fuinnimh. Tá dreasachtaí chun feithiclí nach bhfuil chomh truaillitheach céanna a roghnú lag fós sa Liotuáin, cé go bhfuil an córas iompair phoiblí ilroinnte agus go bhfuil easpa comhordaithe ann. Dá bhrí sin, is tosaíocht i gcónaí é modhanna iompair nach bhfuil chomh truaillitheach céanna a chur chun cinn. An tráth céanna, tá na rátaí athchóirithe d'fhoirgnimh ilárasán fós ró-íseal chun na spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach san earnáil faoi 2050. Léiríonn sé sin an gá atá le nósanna imeachta agus dreasachtaí feabhsaithe chun athchóiriú a dhéanamh agus chun tacú le cumas na hearnála príobháidí tionscadail athchóirithe a reáchtáil. Tá an Liotuáin fós i measc na dtíortha is measa san Aontas ó thaobh na bochtaineachta fuinnimh de, rud a d'fhéadfadh dul in olcas a thuilleadh i gcás ina dtiocfadh méadú marthanach eile ar phraghsanna fuinnimh chun cinn agus go leanfaí ar aghaidh leis an athchóiriú.

(37) Tá gréasán leictreachais na Liotuáine, cosúil le gréasán Ballstát Baltach eile, neamhchosanta fós, toisc go bhfuil sé sioncronaithe le heangach cumhachta BRELL. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le sioncrónú réigiúnach na heangaí leictreachais leis an gcuid eile den Aontas ach is gá fós é a thabhairt chun críche (táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi 2025). Chuige sin, tá gá le comhar leis an Laitvia agus leis an Eastóin. Tá méadú ag teacht ar ghiniúint fuinnimh intíre ag an Liotuáin; tá bearta déanta aici chun nósanna imeachta ceadúcháin a chuíchóiriú agus chun giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn, as ar eascair méaduithe móra ar acmhainneacht táirgeachta gréine agus gaoithe idir 2020 agus 2021. Mar sin féin, beidh gá le méadú breise ar an uaillmhian chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Liotuáin i gcomhréir leis na cuspóirí a bhaineann leis an togra 'Oiriúnach do 55'.

(38) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Ó bhí 2015 ann, tháinig méadú ar an ráta folúntas i bhformhór na bpríomhearnálacha, mar shampla tógáil (ó 0,8 % go 1,5 % in 2021) agus monaraíocht (ó 1,4 % go 1,8 % in 2021). Mar sin féin, bhí an ráta in 2021 fós faoi bhun mheán an Aontais, arbh iad sin 3,6 % agus 1,9 % faoi seach. Le blianta beaga anuas, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair sa Liotuáin le haghaidh 28 ngairm a raibh scileanna nó eolas sonrach ag teastáil i leith an aistrithe ghlais. Go háirithe, tuairiscíodh gur chuir ganntanais lucht saothair srian le táirgeacht i dtionscal agus i dtógáil in 2022.

(39) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[17] i moladh (1).

17 Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(40) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí cost-éifeachtúil sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Liotuáine, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Liotuáin in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Agus staid fhioscach fhónta á coinneáil ar bun in 2024, infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanfaidh siad d'infheistíocht agus d'athchóirithe a shaothrú a chuideoidh le fás inbhuanaithe níos airde agus staid fhioscach meántéarmach stuama a chaomhnú.

   Leordhóthanacht an chúraim sláinte agus na cosanta sóisialta a neartú agus seirbhísí poiblí i gcoitinne a fheabhsú.

2. Leanúint dá phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go leanúnach agus bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús tapa a chur le cur chun feidhme an tionscnaimh sin. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, agus comhlántacht agus sineirge dhlúth ann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Cúram príomhúil a neartú agus cúram coisctheach a leathnú chun, *inter alia*, an córas cúraim sláinte a dhéanamh níos athléimní. Pleanáil agus soláthar seirbhísí sóisialta a fheabhsú. Feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar cháilíocht na tithíochta sin.

4. An spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar fhuinneamh allmhairithe a laghdú a thuilleadh trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí acmhainneacht agus rochtain leordhóthanach eangaí a áirithiú, claochlú agus dícharbónú an táirgthe tionsclaíoch a áirithiú, agus glacadh iompair phoiblí agus inbhuanaithe a mhéadú trí fhoirgnimh a dhéanamh níos éifeachtúla, lena chois sin, ó thaobh fuinnimh de, d'fhonn, *inter alia*, bochtaineacht fuinnimh a laghdú. Acmhainn leordhóthanach na n-idirnasc leictreachais a áirithiú chun cinnteacht an tsoláthair a mhéadú, agus leanúint de shioncrónú tráthúil a dhéanamh le heangach leictreachais an Aontais. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*